



### Briseadh Meán Téarma/Mid Term Break

Beidh an Scoil dúnta don briseadh Mean Téarma ar an Déardaoin agus Aoine 14 & 15 Feabhra 2013.

*The school will be closed on Thursday and Friday 14 & 15 February 2013 for the Mid Term Break.*

### Briseadh Lá Le Pádraig/St Patrick's Day

Beidh an scoil dúnta ar an Luan 18 Márta 2013.

*The school will be closed on Monday 18 March 2013 for St. Patrick's Day Bank Holiday.*

### Briseadh na Cásca/Easter Break

Dúnfaidh an scoil ag 12.00 i.n. Aoine 22 Márta 2013 do Saoire na Cásca. Beidh an scoil ar oscailt arís Dé Luain, 8 Aibreán 2013.

*The school will close at 12.00 p.m. on Friday 22 March 2013 for the Easter Break. The school will re-open on Monday, 8 April 2013.*

### Turasanna scoile/School tours

	Dáta/Date	Aít/Place	Costas/Cost
Naónáin Bheaga	19 Meitheamh 2013 19 June 2013	Pudden Hill	€16.50
Naónáin Mhóra	18 Meitheamh 2013 18 June 2013	Pudden Hill	€16.50
Rang 1 & Rang 2	25 Meitheamh 2013 25 June 2013	Greenan Maze	€16.50
Rang 3 & Rang 4	26 Meitheamh 2013 26 June 2013	Príosún Chill Mhaighneann Chocolate Warehouse	€16.50
Rang 5 & Rang 6	23 -25 Bealtaine 2013 23 - 25 May 2013	Coláiste Uisce Co. Mhaigh Eo	€200.00


Is ea polasaí na scoile ná go bhfuil costaisí gníomhaíochtaí scoile bunaithe ar gach duine ag glacadh páirt iontu. Tá sé seo déanta chun na costaisí a choinneál comh íseal agus is féidir agus chun a bheith cothrom do gach duine.

*It is the school policy that the costs of all school activities are calculated based on full participation by all pupils. This is done in order to keep overall costs to families consistently as low as possible, and in the interest of fairness.*

## Clarú Naónáin Bheaga Meán Fómhair 2013/Enrolment for Junior Infants for September 2013

Táimid ag glacadh le ainmneacha do Náonáin Bheaga do Mheán Fómhair 2013. Má tá páiste agat atá le tosnú i nGaelscoil Uí Earcán agus nach bhfuil an t-ainm curtha síos, an féidir libh é a chur in iúl don Oifig.

*We are taking names for enrolment for Junior Infants for September 2013. If you have a child who is due to start in Gaelscoil Uí Earcán and you have not put his/her name down, can you please contact the Office.*



## Food Dudes

Tá ag éirí go h-iontach leis an gclár 'Food Dudes' i nGaelscoil Uí Earcán. Tá aithne ag na páistí anois ar Rocco, Charlie, Tom agus Raz agus tá siad ag cuidiú leo an fórsa a choimeád laidir trí glasraí agus tortháí a ithe. Tá na páistí ag foghlaim cé chomh tábhachtach is atá sé glasraí agus tortháí a ithe gach lá. Beidh pacáiste ag dul abhaile go luath mar gheall ar chéim 2 agus moltar glasraí agus tortháí a thógáil isteach don lón. Beidh duaiseanna ar fáil do na páistí a thógann isteach iad. Lean ar aghaidh leis an iarracht iontach, a pháistí!

*The Food Dudes programme has received a great reception in Gaelscoil Uí Earcán. The children have become familiar with the Food Dudes; Rocco, Charlie, Tom agus Raz and are helping to 'feed the force' by eating fruit and vegetables every day in school. The children are learning how important it is to eat fruit and vegetables every day. A home pack for phase two will be going home soon.*

## Iománaíocht i nGaelscoil Uí Earcán

Tá fiche cloigead ceanaithe ag an scoil agus tháinig siad Déardaoine seo caite, mar sin tá muid réidh le tú a chur le iománaíocht sa scoill! Beidh iománaíocht ag tosú ar an gCéadaoin, 20 Feabhra (an Céadaoin díreach tar éis an bhriseadh) i gcomhair páistí i rang a dó agus a trí. Páistí níos sine, ná bí buarthá, gheobhaidh sibh bhur seans go gairid. Má tá suim ag aon duine cúnamh a thabhairt do Mhúinteoir Tighearnán leis an iománaíocht, tá lán fáilte rompu. Arís, ba mhaith linn buíochas mór a ghabháil le Natasha, CLG Oileán na hÉireann, agus gach duine eile a bhí baint acu le airgead a bhailiú. Ba mhaith linn freisin buíochas a ghabháil le Cumann na mBunscoil as ucht an cúnamh a thug siad dúinn. Gaelscoil Uí Earcán abú!

*Gaelscoil Uí Earcán's new hurling helmets have just arrived and we're ready to start training! Training will start on Wednesday 20<sup>th</sup> February (just after midterm) for rang 2 and rang 3. Children from rang 4, 5 & 6 needn't be worried, they'll get their chance to play soon. If there are any parents who are willing to give support to Múinteoir Tighearnán on Wednesdays they are more than welcome. We would like to thank*

*Natasha, CLG Oileán na hÉireann, and everyone else who helped us raise the funds. We would also like to thank Cumann na mBunscoil for the support they've shown us. Gaelscoil Uí Earcáin abú!*

### **Turas Rang a 1 go 'Draíocht', Baile Blainséir**

Chuaigh Rang 1 go 'Draíocht' i mBaile Blainséir le Múinteoir Aoife agus Múinteoir Mairéad Bríd ar an Máirt 7 Feabhra chun ceardlann ealaíne a dhéanamh. Ar dtús, bhí deis againn breathnú ar saothair ealaíne de chuid Una Sealy agus labhairt fúthu. Ansin, bhí deis againn ár gcuid saothair féin a dhéanamh as cré dearg. Bhí an-spraoi againn agus d'fhoghlaimear a lán teicníochtaí nua ó na múinteoirí a bhí ann. Táimid chun an cré a phéinteáil sa rang agus táimid ag tnúth len' iad a thógáil abhaile!

*Rang 1 went on a trip to 'Draíocht' in Blanchardstown with Múinteoir Aoife and Múinteoir Mairéad Bríd on Tuesday 7 February to attend an art workshop. At first, we had an opportunity to look at the work of Una Sealy and discuss the work. Then, we had an opportunity to make our own works of art out of red clay. We had a great time and we learnt a few new techniques from the teachers there. We're going to paint our clay in class and we're looking forward to bringing our work home!*

### **Ceoldramaíocht/ Musical Drama Group**



Tá Cumann Ceoldrámaíochta a bhunadh againn i nGaelscoil Uí Earcáin i mbliana chun freastal ar pháistí na scoile. Is iad Múinteoir Seán agus Múinteoir Aoife a bheidh i mbun an chumainn. Is ar pháistí ó Rang 2 go Rang a 6 a bheimid ag freastal agus beidh seisiún amháin in aghaidh na seachtaine ar siúl, ar an Mháirt. Beidh na seisiúin ar a chur ar fáil sa leabharlann ó 14:30 go dtí 15:30. Tá sé mar sprioc againn gníomhaíocht shultmhar, taitneamhach agus spreagúil a chur ar fáil dos na páistí ina mbeidh siad in ann páirt lárnach a ghlacadh i gceol agus i ndrámaíocht. Beimid ag ullmhú le haghaidh Coicís na Gaeilge agus ceolchoirm dheireadh na bliana ag na seisiúin ach tá sult, spraoi, féin mhuinín agus dul chun cinn iomlánach na bpáistí mar phríomhchúram againn. Tá teorainn d'fhiche páiste sa Chumann. Mar sin, moltar ranpháirtíocht chomh luath agus is féidir.

*We are in the process of setting up a Musical Drama Group for the children of Gaelscoil Uí Earcáin. Múinteoir Seán and Múinteoir Aoife will be collaborating in this venture which is open to any child from Rang 2 to Rang 6. Weekly sessions will take place on Wednesdays in the school library, directly after school finishes at 14:30 and will last until 15:30. We will be preparing for whole school events such as Coicís na Gaeilge and the end of year school concert but the enjoyment, building of confidence and overall development of the child will be our main concern. We aim to provide a warm, enjoyable and encouraging atmosphere in which the children will partake in musical drama activities. There is a limit of 20 spaces in the group so early enrolment is essential.*

*Muidne le meas, Múinteoir Seán agus múinteoir Aoife.*

## Meabhrú - Cnónna sa Scoil.

Ní cheadaítear aon chónna a thógáil ar scoil ag am ar bith nó aon táirgí le cnónna iontu a thógáil ar scoil. Tá col an-dáinséireach ag roinnt páistí sa scoil le cnónna.

*A reminder that children are not permitted to bring nuts or any nut products to school as a number of children have a life-threatening allergy to these products.*



Tá Coicís nó Seachtain na Gaeilge ag druidim linn go gasta

04- 17 Márta 2013.

Bain úsáid as an méid Gaeilge is gur féidir leat! Beidh na páistí ag cur nó ag tabhairt abhaile cúpla frása in aghaidh an lae chun é a mheabhrú daoibh agus chun cabhrú libh. Beidh a lán imeachtaí ar siúl lastigh agus lasmuigh den scoil agus ba mhaith linn curtha a thabhairt daoibh ar an Máirt 05 Márta agus 12 Márta chun páirt a ghlacadh i gCéilí traidisiúnta le bhur páistí féin agus an rang.

Seo a leanas an am chlár, le súil is gur féidir libh theacht:

<b>Rince sa Halla- 5 Márta 2013</b> 9:10 Rang Naónáin Bheaga Múinteoir Eoin 9:40 Rang Naónáin Bheaga Múinteoir Cáit 10:10 Rang Naónáin Mhóra Múinteoir Jenna 10:40 SOS	<b>Rince sa Halla - 12 Márta 2013</b> 9:10 Rang 2 Múinteoir Eithne agus Michelle 9:40 Rang 4 Múinteoir Pádraig 10:10 Rang Naónáin Mhóra Múinteoir Tighearnán 10:40 SOS
11:00 Rang 1 Múinteoir Mairéad Bríd 11.30 Rang 1 Múinteoir Aoife	11:00 Rang 3 Múinteoir Maria 11.30 Rang 5-6 Múinteoir Richard

*Use as much of your Irish as possible during Seachtain na Gaeilge or in our case a fortnight of Irish! The children will be sending or bringing home daily phrases to help refresh your memory in order to assist your cúpla focail so no need to worry! The school is organising a lot of activities both inside and outside of the classroom and we would like to invite you to a traditional Céilí with your child and their class. Please see above the allocated times for each class in hope that you can attend.*

## Turas go Gaelscoil Eiscir Riada

Beidh rang 4, 5 & 6 ag tabhairt cuairt go Gaelscoil Eiscir Riada ar an Luan 11 Márta 2013 mar chuid de Seachtain na Gaeilge.

*Rang 4, 5, & 6 will be visiting Gaelscoil Eiscir Riada on Monday 11 March 2013 as part of Seachtain na Gaeilge.*


## Aonach Leabhair/ Book Fair

Beidh aonach leabhair sa scoil ón gCéadaoin 7 Márta go dtí Máirt 12 Márta 2013.

Gheobhaidh an scoil cuid den bhrabús. Seans chun leabhair nua a fháil.

*There will be a Book Fair in the school from Wednesday 7 March to Tuesday 12 March.*

*A percentage of the profits will go to the school. A chance to buy new books.*



Beidh MABS, the Money Advice and Budgeting Service, sa scoil ar Déardaoin, 28 Feabhra 2013, ag 9.30a.m. le labhairt le tuismitheoirí mar gheall ar conas buiséad a choimeád. Is iad MABS na saineolaithe ar cúrsaí airgid. Pléifidh siad conas structúr a choimeád ar billí tí, conas airgead a eagrú roimh imeachtaí speisialta agus cár chóir cabhair a lorg má tá tú buartha faoi staid airgeadais do chlann.

De bharr go bhfuil Seomra na dTuistí beag, beidh orainn teorainn a choimeád ar lion na ndaoine a bhfuil in ann teacht. Má tá fonn ort freastal ar an cheardlann cur ceist ar an rúnaí don leathanach síniú agus beidh do ainm curtha ar an liosta.


Tá an ceardlann saor in aisce le freastal air, agus tá gach eolas rúnda. Is deis maith í freastal ar an gceardlann seo, mar tá liosta feithimh an-fhada lena seirbhísí a úsáid de ghnáth.

Ba bhreá linn aon duine a fheiscint a cheapann go bhfaigheadh siad tairbhe ón gceardlann seo.

*MABS, the Money Advice and Budgeting Service, will be in the school on Thursday 28 February 2013, at 9.30 a.m. to talk to parents about budgeting. MABS are specialists in advising on money issues. They will discuss how to keep on top of household bills, how to organise your money before a special event and where to look if you're worried about your family's financial situation.*

*As the parents' room is small, we will have to limit the amount of people who can attend the workshop. If you would like to come along please ask the secretary for the sign-up sheet and your name will be added to the list.*

*The workshop is free to attend, and all information shared is confidential. It is a good opportunity to attend this course as there is a very long waiting list to avail of their services otherwise. We would be delighted to see anybody who thinks they would benefit from this workshop.*



**Airgead le n-íoc/ Monies owed:**

An féidir libh na táillí don bhliain a íoc chomh luath agus is féidir, le bhur dtoil?

*Can all outstanding bills for the current school year be paid as soon as possible, please!*

**Dátaí don dialann:**

**8 Aibreán 2013 - 31 Bealtaine 2013: Scrúdaithe Caighdeánacha Naónáin Bheaga -BELFIELDS**

Cuirtear scrúdaithe caighdeánacha ar ranganna Naónáin Bheaga gach bliain. Is bealach é chun an dul chun cinn a aimsiú agus léiríonn sé má tá aon tacáiocht de dhíth. Déanann na scrúdaithe Belfield scrúdú ar

1. Scileanna aireachtála, cosúil leis an éisteacht agus an féachaint
2. Forbairt oll-luaileach agus mínluaileacha
3. Scíleanna luathfhoghlama
4. Teanga agus cumarsáid
5. Forbairt sóisialta agus mothúchánach

Ciallaíonn sé seo go féidir dul i ngleic le aon fadhbanna chomh luath agus gur féidir, mar sin, tá sé fíorthabhachtach go mbeidh do pháiste i láthair dos na scrúdaithe seo. Má tá tú ar an eol faoi aon aisláithreachtaí atá le theacht le do pháiste, an féidir an múinteoir a chur ar an eol, chomh luath agus gur féidir.

*Every year the Junior Infant Classes are given a standardised test. This is done in order to assess the child's development but also to highlight any problem areas. The Belfield tests are used to test:*

1. Perceptual Processes- Listening and Visual
2. Motor Development- Gross and Fine Motor Skills
3. Early Learning Styles
4. Language and Communication
5. Social and Emotional Development

*These tests enable us to establish any problem areas at an early stage; therefore, it is extremely important that your child is present for these tests. If you are aware of any up-coming dates that your child may not be absent, can you please, make the teacher aware, as soon as possible.*

### **20-21 Márta 2013: Scrúdaithe Caighdeánacha Naónáin Mhóra - MIST**

Cuirtear scrúdaithe caighdeánacha ar ranganna Naónáin Mhóra gach bliain. Is bealach é chun an dul chun cinn a aimsiú agus léiríonn sé má tá aon tacáiocht de dhíth. Déananna sé scrúdú ar

1. Scileanna Éisteachta
2. Fuaiméanna dos na litreacha don aibítir
3. Scileanna scríbhneoireachtá
4. Litriú ar focail CGC
5. Deachtú- Abairt a scríobh

Ciallaíonn sé seo go féidir dul i ngleic le aon fadhbanna chomh luath agus gur féidir, mar sin, tá sé fior-thabhardtach go mbeidh do pháiste i láthair dos na scrúdaithe seo. Ní féidir an dul chun cinn a mheas muna bhfuil na scrúdaithe déanta agus níl siad caighdeánach muna ndéantar iar ar an lá céanna le gach páiste eile.

*Every year the Senior Infant Classes are given a standardised test. This is done in order to assess the child's development but also to highlight any problem areas. The MIST tests are used to test:*

1. Listening Skills
2. Letter Sounds
3. Written Vocabulary
4. Spelling of CVC Words
5. Dictation- Writing a sentence

*These tests enable us to establish any problem areas at an early stage; therefore, it is extremely important that your child is present for these tests. The school cannot satisfactorily assess any child's development if the child is not present on the day as the test is not deemed standard if not undertaken on the same day as all the other children.*

Beidh Scrúdaithe Caighdeánacha ar siúl sa Bhéarla , Gaeilge agus Mata, dos na hardranganna ar na dátaí seo a leanas

**Béarla : Micra T Rang 1-6 - 18 Aibreán 2013**

**Scrúdaithe Gaeilge Naí. Mh - R6 25 Aibreán 2013**

Mata: Sigma T Rang 1-6 2 Bealtaine 2013

Please note the above dates and classes for the standardised Tests in English, Irish and Maths

Cuirtear scrúdaithe caighdeánacha ar gach rang, gach bliain. Is bealach é chun an dul chun cinn a aimsiú agus léiríonn sé má tá aon tacaíocht de dhíth. Tá sé **fíor-thabhabitach** go mbeidh do pháiste i láthair dos na scrúdaithe seo. Ní féidir an dul chun cinn a mheas muna bhfuil na scrúdaithe déanta agus níl siad caighdeánach muna ndéantar iar ar an lá céanna le gach páiste eile. Déantar na háiteanna don Tacaíocht Foghlama a mheas tríd na torthaí seo chomh maith. Ní féidir áit a chinntíú muna bhfuil torthaí ar fáil againn.

*Every year all Classes are given a standardised test. This is done in order to assess the child's development but also to highlight any problem areas. It is **extremely important** that your child is present for these tests. The school cannot satisfactorily assess any child's development, if the child is not present on the day, as the test is not deemed standard if not undertaken on the same day as all the other children. The Learning Support allocations rely heavily on such results. Your child may not receive Learning Support for the following year if these test results are not available to us.*

Ar scáth a chéile, a mhairimid!